

An Córas Análaithe | Nótaí Ábhar

Is ionann an **tóracas** agus an cliabhrach. Tá an córas riospráide ann.

- Déanann **cuas na sróine** aer ionanálaithe a théamh, a fhluchadh agus a scagadh. (srón)
- Ní dhéanann an **béalchuas** aer ionanálaithe a scagadh, a théamh nó a fhluchadh. Úsáidtear é agus tú i mbun aclaíochta. (béal)
- Is í an fharaing an scornach. (Tagann cuas na sróine agus an béalchuas le chéile anseo)
- Is liopóg fíocháin é an **t-eipeaglotas**, a dhúnann thar an nglotas le linn slogtha, rud a chuireann bac ar thachtadh.
- Is í an **Laraing** an ‘bosca gutha’. Táirgeann sí fuaim trí úsáid a bhaint as **téada an ghutha**.
- Stiúrann an **traicé** aer isteach agus amach as na scamhóga. Cuireann **fáinní loingeán** cosc ar thitim na traicé.
- Díríonn **na broncais** aer chuig agus ó gach scamhóg, iompraíonn **broincíní** aer chuig na hailbheolais.
- Is saic aeir iad **na hailbheolais**, áit a ndéantar malartú gáis. Tá ballaí tanaí acu, soláthar maith, ballaí leaisteacha agus sraith taise, rudaí a fhágann go bhfuil siad oiriúnach go maith do mhalartú gáis.
- Is í an **scairt** an matán faoi na scamhóga a chrapann chun aer a bhrú isteach sna scamhóga.
- Is struchtúr 2 scannán iad **na scannáin phleoracha**. Clúdaíonn siad na scamhóga agus tá siad ceangailte leis an taobh istigh de chreat na n-easnacha. Tá an **cuasán pleorach** líonta le sreabhán atá saor ó fhrithchuimilt.
- Tá **na matáin idireasnacha** idir gach easna. Nuair a chrapann siad, bogann creat na n-easnacha suas agus amach. Méadaíonn sé seo méid an tóracs.
- Is sraith de 12 easna **creat na n-easnacha**. Tacaíonn siad leis agus cosnaíonn siad na scamhóga.
- Bíonn crapadh na scairte agus na matán idireasnach i gceist leis an **ionanálú**. Laghdaíonn an brú aeir tóracsach agus réabann an t-aer isteach.
- Bíonn ligean na matán riospráide i gceist leis an **easanálú**. Méadaíonn an brú aeir tóracsach agus réabann an t-aer amach.
- Tugtar **broincíteas** ar athlasadh scannáin mhúcasacha na mbroncas, a bhíonn ina chúis le casacht.

- Is éard is **asma** ann ná athlasadh ainsealach ar na broincíní, rud is cúis le hanálú cársánach (*wheezy*) agus giorra anála. Ba chóir ailléirginí a sheachaint agus d'fhéadfadh go mbeadh gá le hanálóir chun na broincíní a leathnú.

(Is é 5 lítear an meán ó thaobh thoilleadh na scamhóg de)